Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2019**
**(OR. en)**

**11073/19**

**AGRIFIN 43**
**AGRI 381**
**VETER 52**
**FIN 498**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5870/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Animal welfare in the EU: closing the gap between ambitious goals and practical implementation [Leas ainmhithe san Aontas: an bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a laghdú]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (12 Feabhra 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a ghlac an Chomhairle ar an 12 Feabhra 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal** ***Animal welfare in the EU: closing the gap between ambitious goals and practical implementation*** **[Leas ainmhithe san Aontas: an bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a laghdú]**

Maidir le COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') dar teideal *Animal welfare in the EU: closing the gap between ambitious goals and practical implementation* [Leas ainmhithe san Aontas: an bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a laghdú];

(2) IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí na tuarascála go bhfuil na spriocanna á gcomhlíonadh i réimsí tábhachtacha, go háirithe cróite coiteanna i gcás cránacha agus an cosc ar chásanna cúbarnaí neamhfheabhsaithe béaróg, a bhuí leis na gníomhaíochtaí;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léir sa tuarascáil go bhfuil roinnt laigí ann go fóill i dtaobh chomhlíonadh na n-íoschaighdeán agus gur féidir feabhas a chur ar chomhordú na seiceálacha tras-chomhlíonta agus na n-iniúchtaí oifigiúla maidir le leas ainmhithe agus ar úsáid a bhaint as acmhainní airgeadais an Chomhbheartais Talmhaíochta chun caighdeáin níos airde leasa ainmhithe a chur chun cinn;

(4) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt gur riachtanach na córais rialúcháin oifigiúla lena áirithiú go ndéantar caighdeáin leasa ainmhithe a fhorfheidhmiú mar is ceart agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór rialaithe a dhéanamh ar bhonn riosca a mhinice is iomchuí;

(5) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé leas ainmhithe a chur chun cinn trí bhíthin an Chomhbheartais Talmhaíochta agus ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta déthaobhacha agus iltaobhacha an Aontais;

(6) IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis maidir le leas ainmhithe, 2012, ionas gur fearr is féidir dul i ngleic le réimsí a bhfuil riosca ag baint leo, go ndéanfaí dea-chleachtais a scaipeadh agus go mbainfí úsáid éifeachtach as an tacaíocht le haghaidh forbairt tuaithe ar mhaithe le leas ainmhithe;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an straitéis is déanaí de chuid an Aontais maidir le cosaint agus leas ainmhithe lena gcumhdaítear an tréimhse idir 2012 agus 2015 agus MOLANN SÍ don Choimisiún, i bhfianaise thoradh na meastóireachta, a mharana a dhéanamh ar straitéis nua a bheith ann sna blianta amach romhainn lena ndéanfar leas ainmhithe a chur chun cinn a thuilleadh san Aontas agus níos faide i gcéin a mhéid is féidir;

(8)MOLANN SÍ do na Ballstáit tacú leis an gCoimisiún le go bhféadfar na cuspóirí sin a bhaint amach.